# Arm na hÉireann sa Chongó 1960-64

Tá ról tábhachtach á ghlacadh ag Arm na hÉireann mar chuid de Fhórsaí na Náisiún Aontaithe óna 1960idí i leith ag iarraidh síoch,áin a choinneáil in áiteanna dainséaracha ar domhan. Ba é an Congó an chéad uair d'Arm na hÉireann imeacht ar mhisean síochánaíochta.



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Arm na hÉireann sa Chongó 1960-64

Féach ar an bhfíseán agus faigh amach an bhfuil na ráitis seo Fíor nó Bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | | |
|---|---|---|
| Bunaíodh na Náisiúin Aontaithe tar éis an Chéad Chogadh Domhanda | | B |
| Is eagraíocht idirnáisiúnta í na Náisiúin Aontaithe | | |
| Is é an cúram is mó atá ar na Náisiúin Aontaithe ná síochán a choinneáil agus sibhialtaigh a chosaint má bhriseann cogaíocht amach | | |
| Bhris cogadh amach sa Chongó sna 1930idí | | |
| Theastaigh ó chúige darbh ainm Katanga sa Chongó briseadh amach ón gCongó agus neamhspleáchas a bhaint amach | | |
| Thug amhais Bheilgeacha tacaíocht do Khatanga | | |
| Bhí patról de 11 saighdiúir Éireannach i mbun dualgais lá amháin i mí na Samhna 1960 nuair a rinneadh ionsaí orthu | | |
| Bhí na saighdiúirí Éireannacha sa Chongó chun an tsíocháin a choinneáil | | |
| Maraíodh na saighdiúirí Éireannacha ar fad san ionsaí | | |
| Cheap an treibh a mharaigh na saighdiúirí Éireannacha go raibh siad ag teacht isteach ina gceantar chun ionsaí a dhéanamh orthu | | |
| Dúnmharaíodh Príomh-Aire an Chongó sa bhliain 1961 | | |

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Arm na hÉireann sa Chongó 1960-64

## Arm na hÉireann sa Chongó 1960-64

Ghlac Éire ballraíocht sna Náisiúin Aontaithe sa bhliain 1955. Cúig bliana níos déanaí, sa bhliain 1960, bhris cogadh amach sa Chongó, i lár na hAfraice, agus neamhpleáchas díreach bainte amach aige ón mBeilg. Bhí cúige amháin sa tír sin, Katanga, ag iarraidh briseadh amach ón gCongó féin agus neamhspleáchas dá chuid féin a bhaint amach. Cúige saibhir ba ea Katanga murab ionann agus an chuid eile den tír. Theastaigh ón rialtas láir, a bhí lonnaithe sa phríomhchathair Léopoldville, go bhfanfadh Katanga mar dhlúthchuid den Chongó.

Chuir na Náisiúin Aontaithe a ladar sa scéal nuair a cuireadh saighdiúirí de chuid na Náisiún Aontaithe, saighdiúirí Éireannacha ina measc, go dtí an Congó chun an tsíocháin a athbhúnú agus bail sheasmhach a chur faoin tír arís. Chuaigh thart ar 6,000 saighdiúir Éireannach go dtí an Congó i rith na mblianta 1960 go 1964. Ag tús an chogaidh ba é an ról a bhí ag na saighdiúirí Éireannacha ná tacú leis an rialtas láir sa Chongó, cosaint a thabhairt do bhonneagar na tíre, bóithre, an t-aerfort is araile agus cosaint a thabhairt do chosmhuintir an Chongó chomh maith. D'éirigh an choimhlint ní ba fhoréigní agus ní ba fhuiltí le himeacht na mblianta áfach agus cailleadh saighdiúirí Éireannacha sa chogadh. Cheap dreamanna áirithe sa Chongó go raibh Éire agus tíortha eile na Náisiún Aontaithe ag iarraidh iad a choinneáil faoi chois, mar a rinne na Beilgigh tráth, dar leo.

Foghlaim TG4
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Arm na hÉireann sa Chongó 1960-64

Arm na hÉireann sa Chongó 1960-64

Tharla an sléacht ba mhó, ó thaobh na saighdiúirí Éireannacha de, i mí na Samhna 1960 nuair a rinne baill den treibh Baluba ionsaí ar an 33 Cathlán d'Arm na hÉireann. Ba i Niemba, sráidbhaile i Katanga, a tharla an sléacht. Maraíodh 11 saighdiúir Éireannach agus cuireadh alltacht agus uafás ar mhuintir na hÉireann. Chomh maith leis sin, bhí saighdiúirí Éireannacha páirteach in eachtra mhór eile ag Jadotville sa Chongó i 1961 nuair a d'ionsaigh fórsaí ó Katanga iad. D'éirigh leo an t-ionsaí a chur ó dhoras ar feadh sé lá ach ar deireadh bhí orthu géilleadh agus gabhadh iad. Scéal an-mhór go deo in Éirinn ag an am ba ea Léigear Jadotville.



# Arm na hÉireann sa Chongó 1960-64

Tréimhse thábhachtach i stair na hÉireann sa bhfichiú haois ba ea an cogadh sa Chongó mar ba é seo an chéad uair gur ghlac saighdiúirí de chuid na hÉireann páirt i ngníomhaíochtaí síochánaíochta leis na Náisiúin Aontaithe. Is iomaí misean síochánaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe ar ghlac saighdiúirí Éireanacha páirt ann ó shin i leith.

## Gluais:

cúige = cuid de thír
rialtas láir = an rialtas a bhfuil cumhacht acu ar thír
ladar = teacht isteach sa scéal
athbhunú = a bhunú arís
faoi chois = smacht a choinneáil
cathlán = grúpa saighdiúirí taobh istigh d'arm
a chur ó dhoras = a ruaigeadh
léigear = ionsaí mór
gníomhaíochtaí síochánaíochta = ag iarraidh síocháin a choinneáil idir grupaí

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Arm na hÉireann sa Chongó 1960-64

Ceisteanna:

- Cathain a ghlac Éire ballraíocht sna Náisiúin Aontaithe?
- Cén tír a bhí i bhfeighil an Chongó sular bhain sé saoirse amach sa bhliain 1960?
- Cad is ainm don chúige a bhí ag iarraidh scaradh ón gCongó?
- Cén fáth ar theastaigh ón gcúige sin neamhspleáchas a bhaint amach ón gCongó?
- Cén ról a bhí in ainm is a bheith ag na saighdiúirí Éireannacha ag tús na coimhlinte sa Chongó?
- Cé mhéad saighdiúir Éireannach a maraíodh ag Líochán Niemba?
- Déan cur síos ar an méid a thit amach ag Léigear Jadotville.
- An bhfuil aon eolas agat ar na gníomhaíochtaí síochánaíochta eile ar ghlac saighdiúirí de chuid Arm na hÉireann páirt iontu thar na blianta? Breac síos i do chóipleabhar an méid atá ar eolas agat.
- An gceapann tú go raibh rath ar mhisean na Náisiún Aontaithe sa Chongó? Cén fáth?
- Déan taighde ar líne agus breac síos cúig fhíric staire faoin méid a thit amach sa Chongó tar éis na bliana 1964.

# Arm na hÉireann sa Chongó

Meaitseáil. Anois, an féidir leat na príomhfhocail ar chlé a mheaitseáil lena míniú ar deis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir

| | |
|---|---|
| 1955 | An Taoiseach idir na blianta 1959 agus 1966 |
| na Náisiúin Aontaithe | cúige sa Chongó a bhí ag iarraidh neamhspleáchas a bhaint amach ón gCongó |
| Dag Hammarskjold | an bhliain ar ghlac Éire ballraíocht sna Náisiúin Aontaithe |
| Katanga | Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe idir na blianta 1961 agus 1971 |
| An Congó | An tAire Ghnóthaí Eachtracha idir na blianta 1957 agus 1969 |
| naonúr saighdiúir Éireannach | an tír ar bhain an Congó neamhspleáchas uaithi sa bhliain 1960 |
| Seán Lemass | Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe idir na blianta 1953 agus 1961 |
| An Bheilg | Príomhchathair an Chongó |
| U Thant | tír atá suite i lár mhór-roinn an hAfraice |
| Léopoldville | eagraíocht idirnáisiúnta a bunaíodh tar éis an dara cogadh domhanda chun síocháin a choinneáil timpeall an domhain |
| Frank Aiken | íon na saighdiúirí Éireannacha a cailleadh i mí na samhna 1960 ag Luíochán Niemba |

# Arm na hÉireann sa Chongó 1960-64

Seo a leanas ceithre fhíric thábhachtacha faoi na dualgais síochánaíochta ar ghlac saighdiúirí de chuid Arm na hÉireann páirt iontu ó na 1960idí i leith

1. Tá saighdiúirí de chuid Arm na hÉireann tar éis páirt a ghlacadh in os cionn 40 misean síochánaíochta. Is iad An Chipir, an Liobáin, Sead, an tSiria, Mailí, an Chosaiv agus an Libéir na tíortha a raibh saighdiúirí Éireannacha ar dualgas iontu.
2. Ba iad na príomhchúraimí a bhí ar na saighdiúirí sna tíortha seo ná an tsíocháin a choinneáil, sibhialtaigh a chosaint , sos cogaidh idir naimhde armtha a choinneáil sa tsúil agus dí-armáil a chur i bhfeidhm.
3. Tá dea-cháil ar Arm na hÉireann timpeall an domhain toisc iad a bheith neodrach agus gairmiúil ina gcuid dualgas.
4. Is minic saighdiúirí Éireannacha a bheith sa bhearna bhaoil agus go deimhin fuair roinnt saighdiúirí bás thar na blianta faraor agus iad ar dualgas thar lear. Mar shampla, tá os cionn 40 saighdiúir tar éis bás a fháil sa Liobáin.

